# Pleananna Teagaisc & Foghlama

## Plean 5: Tús Eolais ar Chártaí Imeartha

### Siollabas an Teastais Shóisearaigh

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

# Seo an struchtúr atá ar na Pleananna Teagaisc & Foghlama:

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

**Aidhmeanna:** leagann siad amach na rudaí a mbeifí ag súil leo i gceacht nó i sraith ceachtanna.

**Réamheolas:** díríonn sé ar an eolas ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ag na daltaí cheana féin agus ar an eolas a theastóidh uathu chun cuidiú leo san ábhar nua.

**Torthaí Foghlama:** leagann siad amach na rudaí seo: na rudaí a bheidh na daltaí in ann a dhéanamh, na rudaí a mbeidh eolas acu orthu, agus na rudaí a thuigfidh siad ag deireadh na topaice.

**An Gaol leis an Siollabas:** tagraíonn sé don mhír ábhartha ó Shiollabas an Teastais Shóisearaigh agus/nó ó Shiollabas na hArdteistiméireachta.

**Acmhainní riachtanacha:** tá liosta ann de na hacmhainní a bheidh riachtanach i múineadh agus i bhfoghlaim topaice áirithe.

**Cur i Láthair an Ábhair** (níl sé ach i roinnt pleananna)**:** leagann sé amach cur chuige faoi conas topaic nua a chur i láthair.

**Idirghníomhaíocht Ceachta:** tá sí leagtha amach faoi ceithre fhó-cheannteideal:

i. **Tascanna Foghlama Daltaí – Ionchur an Mhúinteora:** Díríonn an chuid seo ar ionchur an mhúinteora agus tugann sí sonraí faoi phríomhthascanna na ndaltaí agus faoi cheisteanna an mhúinteora a bhogann an ceacht ar aghaidh.

ii. **Gníomhaíochtaí Daltaí – Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo:** tugann an chuid seo sonraí ar fhreagraí a d'fhéadfadh daltaí a thabhairt agus ar mhíthuiscintí a d'fhéadfadh a bheith ag daltaí.

iii. **Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora:** tugann an chuid seo sonraí faoi ghníomhartha múinteoirí agus dearadh í chun tacaíocht agus struchtúr a thabhairt d'fhoghlaim daltaí.

iv. **Triail tuisceana:** molann an chuid seo ceisteanna a d'fhéadfadh múinteoir a fhiafraí chun meas a dhéanamh ar cé acu atá na spriocanna/torthaí foghlama á mbaint amach. Úsáidfear an measúnú seo chun treo a thabhairt do ghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama san ranganna a bheidh ag na daltaí ina dhiaidh sin.

**Gníomhaíochtaí Daltaí:** ag deireadh gach plean, tá gníomhaíochtaí daltaí ann agus tá siad nasctha leis an gceacht.

# Plean Teagaisc agus Foghlama 5: Tús Eolais ar Chártaí Imeartha

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

## Spriocanna

- Na daltaí a chur ar an eolas maidir le gnáthphaca cártaí imeartha, ina bhfuil 52 cárta i gceithre fhoireann: muileataí agus hairt (dearg), triufanna agus spéireataí (dubh). [Tabhair faoi deara nach bhfuil fir na gcrúb san áireamh].

## Réamheolas

Ba chóir go mbeadh réamheolas ag na daltaí (ó T&F: Plean 1 agus/nó óna dtaithí ón mbhunscoil) ar roinnt de na téarmaí a bhaineann leis an seans. Glactar leis nach bhfuil aon réamheolas ar chártaí imeartha acu.

Seans go mbeidh ar dhaltaí a dtuiscint a chur in oiriúint do théarmaí ar nós 'foireann' agus iad ag plé le cártaí imeartha. Seans go mbeidh ainm difriúil ar an bpaca nó ar an "cuireata" ag roinnt daltaí. Cinntigh go bhfuil eolas ag gach dalta ar an ainm / na h-ainmneacha a úsáidtear sna gníomhaíochtaí.

Ba chóir go mbeadh a fhios ag daltaí gurb iad 4 agus 13 na fachtóirí atá ag 52 i.e. go bhfuil 52 ina iolraí de 4 agus 13.

## Torthaí Foghlama

Mar thoradh ar staidéar a dhéanamh ar an ábhar seo, beidh daltaí ábalta

- paca cártaí a aithint agus ainm gach ceann de na 4 fhoireann a bheith ar eolas acu. Chomh maith leis sin, bheidh eolas acu ar líon na gcártaí atá sa phaca, líon na gcártal i ngach foireann; agus ainm na gcártaí i ngach foireann.
- ríomh a dhéanamh ar dhóchúlacht theoiriciúil roghnú cártaí difriúla as an bpaca.

© Foireann Forbartha Tionscadal Mata 2009

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

# An Gaol le Siollabas an Teastais Shóisearaigh

| Fo-ábhair | Gnáthleibhéal | Ardleibhéal |
|---|---|---|
| 1.5 Comhaireamh | Liostaigh na fothorthaí uile a d'fhéadfadh a bheith ann i dturgnamh. Úsáid bunphrionsabal an chomhairimh. | |
| 1.6 Coincheapa na dóchúlachta | Déan meas ar na dóchúlachtaí ó shonraí turgnamhacha. Aithin, má dhéantar turgnamh go minic, go mbeidh torthaí éagsúla ann, agus gur cruinne a bhíonn meastúcháin dóchúlachta sa turgnamh de ghnáth. | |
| 1.7 Fothorthaí i Samplaí Randamacha | Úsáid an prionsabal i gcás fothorthaí comhdhóchúla: chun an dóchúlacht a fháil, roinn líon na bhfothorthaí a bhfuil spéis agat iontu ar líon iomlán na bhfothorthaí. | |

# Acmhainní Riachtanacha

Pacaí cártaí do na daltaí

© Foireann Forbartha Tionscadal Mata 2009

Tionscadal Mata Project Maths
Foireann Forbartha

## Idirghníomhaíocht Ceachta

| Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora | Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo | Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora | Triail Tuisceana |
|---|---|---|---|
| » Leag amach na cártaí ar fad atá sa phaca agus roinn iad de réir 'foirne'.<br><br>» Socraigh gach foireann de réir oird.<br><br>» Ag obair i mbeirteanna, líon isteach **Gníomhaíocht Daltaí 1** trí úsáid a bhaint as gnáthphacaí cártaí imeartha (más ann dóibh). | | » Scaip **Gníomhaíocht Daltaí 1** agus pacaí cártaí imeartha.<br><br>» Cinntigh go dtuigeann gach duine an obair.<br><br>» Cinntigh gur feidir le daltaí cluiche cártaí a imirt.<br><br>» Siúil thart go bhfeicfidh tú cad atá á scríobh ag na daltaí; má tá fadhb acu cuir ceist orthu a thabharfaidh leid dóibh an cheist a fhreagairt.<br><br>» Tabhair faoi deara aon ainmneacha/téarmaí atá difriúil ag na daltaí agus déan nóta ar an gclár.<br><br>» Ní gá na pacaí cártaí a 'mheascadh'. | » An raibh ar chumas na ndaltaí an ghníomaíocht a leanúint gan aon chuidiú?<br><br>» An gá aon chuid den ghníomhaíocht a chur in oiriúint nó a athrú?<br><br>» Ar chríochnaigh na daltaí na ceisteanna i gceart?<br><br>» An raibh fadhbanna ag na daltaí le haon ainmneacha/téarmaí ar leith? |

© Foireann Forbartha Tionscadal Mata 2009

| Tascanna Foghlama Daltaí: Ionchur an Mhúinteora | Gníomhaíochtaí Daltaí: Freagraí a D'fhéadfadh a bheith ann agus Freagraí a mBeifí ag súil leo | Tacaíocht agus Gníomhartha an Mhúinteora | Triail Tuisceana |
|---|---|---|---|
| » Críochnaigh na ceisteanna i **nGníomhaíocht Daltaí 2** agus i mbeirteanna pléigh na freagraí.<br><br>» An mbíonn cluichí cártaí bunaithe go búnúsach ar an seans nó an mbíonn scil i gceist? | » Seans go mbeidh ar dhaltaí féachaint trí phaca cártaí chun uimhreacha na gcártaí difriúla a chinntiú nó b'fhéidir go mbeidh orthu filleadh ar an gcomhaireamh atá déanta i **nGníomhaíocht Daltaí 1**. | » Scaip **Gníomhaíocht Daltaí 1**.<br><br>» Cuir i gcuimhne do na daltaí go bhfuil cárta á roghnú go randamach – mínígh cad is brí leis sin, más gá. | » Ar fhreagair na daltaí na ceisteanna i gceart?<br><br>» An bhfuil ar chumas na ndaltaí ceisteanna den chineál céanna a fhreagairt gan comhaireamh a dhéanamh nó gan filleadh ar an bpaca cártaí? |

# Gníomhaíocht Daltaí 1

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

## Ceisteanna a Chinntíonn Buneolas ar an bpaca cártaí a bheith ag daltaí

1. Cé mhéad cárta i bpaca ? ______
2. Cé mhéad foireann dhifriúil atá ann? ______
3. Ainmnigh na 'Foirne'. ______
4. Cé mhéad foireann dhubh atá ann? ______
5. Cé mhéad foireann dhearg atá ann? ______
6. Cé mhéad cárta i ngach foireann? ______
7. Liostaigh na cártaí in aon fhoireann ar bith.______
8. Cad is ainm don chárta a bhfuil A scríofa air? ______
9. Cad is pictúirchárta (cárta a bhfuil aghaidh air) ann? ______
10. Cé mhéad cárta le 'pictiúr' atá i ngach foireann? ______
11. Ainmnigh na cártaí le 'pictiúr' orthu. (Ní fhéachtar ar aonta mar chártaí le 'pictiúr' orthu.)______
12. Cé mhéad cárta le huimhir orthu atá i ngach foireann? ______
13. Cé mhéad cárta le ré-uimhir orthu atá i ngach foireann? ______
14. Cé mhéad cárta le corruimhir orthu atá i ngach foireann? ______
15. Cé mhéad cárta gan uimhir (le litreacha) atá i ngach foireann?______
16. Cén cárta atá gan uimhir agus gan aghaidh ('pictiúr')? ______
17. Cé mhéad cárta dubh atá i bpaca féaráilte? ______
18. Cé mhéad cárta dearg i bpaca féaráilte? ______
19. Sa phaca iomlán:

a. Cé mhéad cárta le ré-uimhreacha orthu atá ann? ______

b. Cé mhéad cárta le corruimhreacha orthu atá ann? ______

c. Cé mhéad cárta le litreacha orthu atá ann? ______

d. Cé mhéad cárta le pictiúr (aghaidh) orthu atá ann ? ______

e. Cé mhéad de gach cineál cárta atá i bpaca iomlán? (i.e. cé mhéad 1'nna, 2'nna, …Aonta, Rithe, srl)?______

f. Cad é an cárta leis an uimhir is lú air a d'fhéadfá a roghnú in aon fhoireann? ______

© Foireann Forbartha Tionscadal Mata 2009

# Gníomhaíocht Daltaí 2

Tionscadal Mata
Project Maths
Foireann Forbartha

## Ceisteanna dóchúlachtha bunaithe ar phaca cártaí féaráilte

1. Cad í an dóchúlacht gur cárta dearg a bheidh ann? ______________________

2. Cad í an dóchúlacht gur hairt é an cárta a roghnaítear?______________________

3. Cad í an dóchúlacht gur Banríon é an cárta a roghnaítear? ______________________

4. Cad í an dóchúlacht gur Banríon Spéireata é an cárta a roghnaítear? ______________

5. Cad í an dóchúlacht gur pictiúrchárta a roghnaítear? ______________________

6. Cad í an dóchúlacht gur Cuireata le dhá shúil a roghnaítear? ______________________

7. Cad í an dóchúlacht gur Rí ar leathshúil a roghnaítear? ______________________

8. Cad í an dóchúlacht gur ré-uimhir a roghnaítear? ______________________

9. Cad í an dóchúlacht gur cárta le huimhir air a roghnaítear? ______________________

10. Ní mar a chéile a bhíonn gach cárta nuair a chastar timpeall é. Cad í an dóchúlacht nach mar a chéile go díreach é an cárta nuair a chastar timpeall é? ______________

______________________________________________________________